Comhairle nuashonraithe ó 2023

# An vacsaín HPV

## Ceisteanna agus freagraí do thuismitheoirí gach duine óg idir 12-13 bliana d'aois




HSC Public Health Agency

**Tacaíonn an Q&A seo ar an vacsaín don víreas Papilloma Daonna (HPV) leis an mbileog ar chóir a bheith tugtha do do leanbh ar scoil.**

Ó 2019 i leith tá an vacsaín HPV á tairiscint do gach duine idir 12-13 bliana d'aois.

**Léigh an fhaisnéis seo le do thoil agus ansin líon isteach an fhoirm thoilithe a tháinig leis an leabhrán agus seol ar ais chuig an scoil í.**

# Achoimre

Tá sé i gceist leis an bhfaisnéis seo na ceisteanna coitianta ar féidir a bheith agat faoin vacsaín HPV a chosnóidh do leanbh i gcoinne ionfhabhtú HPV agus ailsí gaolmhara, lena n-áirítear suas le 90% d'ailsí ceirbheacs (i measc na mban) agus ailsí an bhéil, na scornaí, anais agus na mball giniúna a fhreagairt. Inseoidh sé duit freisin cén áit ar féidir leat tuilleadh eolais a fháil má theastaíonn sé uait.

De ghnáth ní bhíonn aon siomptóm d'ionfhabhtú HPV ann, mar sin ní thuigfidh roinnt mhaith daoine go bhfuil an ionfhabhtú iontu. An chuid is mó den am, ní bhíonn ailse ann de thoradh an víris toisc go maraíonn córas imdhíonachta an choirp é, ach ní i gcónaí - leanann roinnt ionfhabhtuithe agus bíonn ailse nó faithní na mball giniúna mar thoradh orthu - sin an fáth go bhfuil an vacsaín chomh tábhachtach sin.

Ó 2008 i leith, tá an vacsaín HPV á tairiscint do gach cailín idir 12-13 bliana d'aois i mblianta scoile 9 agus 10. Ó Mheán Fómhair 2019 ar aghaidh tairgeadh an vacsaín do bhuachaillí ar an mbealach céanna. Tá sé seo amhlaidh toisc go bhfuil an fhianaise soiléir go gcabhraíonn an vacsaín HPV le gach duine óg a chosaint ar ailsí a bhaineann le HPV.

Mura bhfaigheann do pháiste an vacsaín i mBliain 9, tairgfear arís í nuair a thabharfaidh foireann altranais na scoile cuairt ar an scoil an chéad uair eile. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag **pha.site/hpv**

## Conas a d'fhéadfadh HPV bheith ina chúis ailse?

Is féidir le duine ar bith a bheith ionfhabhtaithe leis an víreas HPV. Scaiptear é ó dhuine amháin go duine eile le linn gníomhaíochta gnéis (ní gá caidreamh collaí a bheith ann). Tá níos mó ná 100 cineál HPV ann ach níl ach líon beag díobh seo ar eol go bhfuil siad ina gcúis le hailsí a bhaineann le HPV.

Faigheann an víreas isteach i gcealla dromchla an bhéil agus na scornaí, na faighne, na pite, an cheirbheacs, an bhoid agus anais, áit ar féidir léi fanacht ar feadh roinnt blianta gan aon dochar a dhéanamh. Ansin, ar chúiseanna nach dtuigtear go fóill, is féidir leis tús a chur le damáiste a dhéanamh do na cealla seo, rud a d'fhéadfadh ailse a bheith mar thoradh air le himeacht ama.

Is í an ailse is coitianta a bhaineann le HPV ná ailse ceirbheacs i measc na mban, agus léiríonn staidéir go bhfuil an víreas HPV inbhraite i níos mó ná 99% de na hailsí seo. Léirítear le fianaise le déanaí go bhfuil nasc idir ionfhabhtú HPV agus ailsí nach bhfuil chomh coitianta sa phit, san fhaighin, sa bod, anas, agus roinnt ailsí sa bhéal agus sa scornach.

## Ailse ceirbheacs

Bíonn tionchar ag ailse cheirbheacsach ar an gceirbheacs – an bealach isteach chuig an mbroinn (féach an léaráid). Tá 13 chineál HPV ann a bhfuil eolas orthu mar chúis d'ailse ceirbheacs agus níl ach dhá chineál - cineál 16 agus 18 - a mbíonn ina gcúis le 7 as 10 de na cásanna.

Bíonn thart ar 81 chás d'ailse ceirbheacs i dTuaisceart Éireann gach bliain agus faigheann 20 bean ar an meán bás ón ngalar. Ina theannta sin, déantar diagnóisiú ar 1,125 cás ar an meán d'ailse cheirbheacs in-situ gach bliain. Is é seo nuair a bhíonn athruithe réamh-ailseacha ag roinnt ceall sa cheirbheacs, agus is ionann é agus dóchúlacht 1 as 10 go ndéanfar diagnóisiú ar mhná le hathruithe ailseacha sa cheirbheacs. Má fhágtar gan chóireáil iad, is féidir le hailse forbairt agus d'fhéadfadh tinneas tromchúiseach agus bás a bheith mar thoradh air.



## Ailsí HPV eile

Léiríonn staidéir anois go bhfuil cineálacha HPV 16 agus 18 nasctha go láidir le hailsí eile freisin. Tá ailsí anail agus ginitiúla, cé nach bhfuil siad chomh coitianta le hailse ceirbheacs, nasctha go láidir le HPV lena n-áirítear níos mó ná 80% de na hailsí anail go léir.

Tá ailsí an bhéil agus na scornaí, amhail ailse na teanga, na gcéislíní, na scornaí agus na larainge nasctha le HPV freisin. Léirítear i staidéir go bhfuil ailsí a bhaineann le HPV sa bhéal agus sa scornach ag méadú sa Ríocht Aontaithe, go háirithe i measc na bhfear agus na ndaoine óga.

## Conas a oibríonn an vacsaín HPV?

Cosnaíonn an vacsaín HPV i gcoinne roinnt cineálacha ionfhabhtaithe HPV, lena n-áirítear cineálacha 16 agus 18, arb iad an dá chineál is coitianta is cúis le hailsí ceirbheacs agus ailsí eile.

Tugtar é ar an mbealach céanna le vacsaíní coitianta eile mar instealladh sa lámh uachtair. Frithghníomhaíonn an corp trí antasubstaintí a dhéanamh a chabhróidh leis an gcóras imdhíonachta troid in éadan ionfhabhtú HPV. Ní féidir leis an vacsaín ionfhabhtú HPV nó ailse a chruthú.

## Cén fáth a bhfuil an vacsaín á tairiscint go rialta do gach duine óg idir 12-13 bliana d'aois?

Tá an vacsaín HPV á tairiscint anois do gach duine idir 12-13 bliana d'aois chun cosaint a thabhairt i gcoinne roinnt cineálacha HPV, lena n-áirítear 16 agus 18. Is iad cineálacha 16 agus 18 an dá chineál is coitianta atá nasctha le hailsí a bhaineann le HPV. Tá an fhianaise soiléir go gcabhraíonn an vacsaín HPV le cosaint i gcoinne ailsí a bhaineann le HPV.

Tá HPV an-choitianta agus scaiptear é go héasca trí ghníomhaíocht ghnéasach. Cé nach dócha go bhfuil do leanbh i mbaol ionfhabhtaithe HPV ag an aois seo, toisc nach bhfuil an chuid is mó acu gníomhach go gnéasach go dtí go bhfuil siad i bhfad níos sine, moltar go bhfaighidh siad an vacsaín anois toisc go léiríonn staidéir go bhfuil cosaint ón vacsaín níos fearr nuair a thugtar í ag aois níos luaithe.

## An gcosnaíonn an vacsaín i gcoinne ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha eile?

Cosnóidh an vacsaín freisin i gcoinne cineálacha eile HPV a bhíonn mar chúis le formhór na gcásanna d'fhaithní na mball giniúna. Ní chosnóidh sé i gcoinne aon ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha eile amhail clamaidia agusní chuirfidh sé cosc ar thoircheas. Dá bhrí sin, tá sé fós an-tábhachtach go bhfaigheann do leanbh teachtaireachtaí gnéis níos sábháilte ag an am cuí.

## An gciallaíonn sé seo go gcosnófar m'iníon i gcoinne gach ailse ceirbheacs?

An vacsaín a úsáidtear i dTuaisceart Éireann (Gardasil® 9), cosnóidh sé i gcoinne naoi gcineál víris is cúis le suas le 90% de na hailsí ceirbheacs go léir. Ní bheidh an vacsaín **mar** chosaint ar aon cheann de na cineálacha eile a bhíonn mar chúis le hailse ceirbheacs.



Sin é an fáth go bhfuil sé ríthábhachtach mar ghnáthnós scagthástáil ceirbheacs (tástálacha smearaidh) a fháil nuair a thugtar cuireadh (ó aois 25), fiú tar éis an vacsaín a fháil. Is é is cuspóir don scagthástáil ceirbheacs athruithe réamhailseacha sa cheirbheacs nach bhfuil aon siomptóm orthu ach a théann ar aghaidh chun ailse a fhorbairt a bhrath go luath. Má bhraitear athruithe luath go leor is féidir iad a chóireáil chun cosc a chur ar fhorbairt ailse ceirbheacs.

## An gcosnófar mo leanbh anois i gcoinne gach ailse eile?

Cosnóidh an vacsaín i gcoinne an dá phríomhchineál víris (cineálacha 16 agus 18) a chruthaíonn roinnt ailsí den phit, den fhaighin, den bhod, den anas, den bhéal agus den scornach. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach gcosnóidh an vacsaín i gcoinne na gcineálacha ailse seo ar fad. Níl aon chlár scagthástála ann faoi láthair d'ailsí eile a bhaineann le HPV. Má tá imní ort faoi aon siomptóm déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh.

## Cá fhad a mhaireann an chosaint vacsaíne?

Léirigh staidéir go gcoinníonn daoine vacsaínithe leibhéil arda cosanta ar feadh 12 bhliain ar a laghad, gan aon fhianaise go bhfuil an chosaint ag laghdú. Léirítear le sonraí ó thrialacha cliniciúla agus taighde leanúnach go dtabharfaidh an chosaint a sholáthraíonn vacsaín HPV cosaint saoil ó na víris seo toisc go bhforbraíonn an córas imdhíonachta antasubstaintí don víreas tar éis an vacsaínithe. Níl aon teanndáileoga ag teastáil faoi láthair.

## An bhfuil an vacsaín sábháilte?

Tá. Le breis agus 10 mbliana tá dianmhonatóireacht déanta ar shábháilteacht na vacsaíne HPV agus déanann go leor comhlachtaí idirnáisiúnta athbhreithniú uirthi go minic, lena n-áirítear:

- An Ghníomhaireacht Rialála Táirgí Leigheasra agus Cúraim Shláinte (MHRA);
- an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA);
- Coiste Comhairleach Domhanda na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) maidir le Sábháilteacht Vacsaíní (GACVS).

Tá sé tugtha le fios go leanúnach ag na comhlachtaí idirnáisiúnta seo go bhfuil an vacsaín sábháilte agus nach bhfuil aon fho-iarmhairtí fadtéarmacha nach eol iad. Liostaítear 121 thír a úsáideann vacsaín HPV ar fud an domhain ag EDS (2018). Tá os cionn 10.5 milliún dáileog tugtha sa Ríocht Aontaithe ó 2008, agus breis agus 80 milliún duine vacsaínithe ar fud an domhain.

***"Molann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go láidir vacsaín HPV chun ailse ceirbheacs a chosc."***

Robb Butler, Ceann Imdhíonta, An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, An Eoraip

## Cén uair a gheobhaidh mo pháiste an vacsaín?

Ba chóir go bhfuair tú foirm thoilithe in éineacht leis an leabhrán seo. Tá sé tábhachtach go síneofar an fhoirm toilithe agus go seolfar ar ais chuig an scoil í go pras. Tairgfear an vacsaín HPV do do leanbh le linn na bliana acadúla reatha i mBliain 9. Má chailleann siad an vacsaín i mBliain 9, cuirfidh foireann altranais na scoile ar fáil arís í le linn a gcéad chuairt eile ar an scoil. Glactar leis go bhfuil daoine os cionn 16 bliana d'aois in ann féintoiliú mura bhfuil cúiseanna sonracha lena mhalairt ann.

## Conas a thabharfar an vacsaín?

Tabharfaidh foireann altranais na scoile ón Iontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta (HSCT) áitiúil an vacsaín. Beidh an duine a thugann an vacsaín cáilithe go hiomlán chun é a dhéanamh agus beidh a fhios aige conas déileáil le haon fhadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Altra a thabharfaidh an vacsaín sa lámh uachtar. Ní theastóidh ach dáileog amháin den vacsaín ó fhormhór na ndaoine chun cosaint a thabhairt.
De ghnáth tabharfar an dáileog seo i mBliain 9.



Sna blianta roimhe sin, moladh dhá dháileog den vacsaín. Tá athbhreithniú déanta ag an gComhchoiste um Vacsaíniú agus Imdhíonadh (JCVI) ar an bhfianaise eolaíoch faoi dháileoga na vacsaíne HPV agus fuarthas amach go bhfuil fianaise láidir ann anois go dtugann dáileog amháin den vacsaín an chosaint chéanna le dhá dháileog. Ón 1 Meán Fómhair 2023, tairgfear dáileog amháin den vacsaín HPV do gach dalta incháilithe i dTuaisceart Éireann. Meastar anois go bhfuil daoine óga a bhfuil dáileog amháin faighte acu vacsaínithe go hiomlán agus nach dteastaíonn an dara dáileog den vacsaín HPV uathu.

## An mbeidh a fhios ag ár ndochtúir teaghlaigh go raibh an vacsaíniú HPV ag mo leanbh?

Aistreofar eolas faoin vacsaíniú HPV chuig Iialann do dhochtúir teaghlaigh ionas gur féidir é a chur isteach ar thaifead sláinte do linbh.

# An mbeidh aon fho-iarmhairtí ann?

Is iondúil go mbíonn na fo-iarmhairtí éadrom - den chuid is mó pian, at agus deargadh sa lámh san áit a dtugtar an t-instealladh go ginearálta, a imíonn go luath. D'fhéadfadh tinneas cinn, masmas, meadhrán agus/nó fiabhras éadrom a bheith i gceist le fo-iarmhairtí eile nach bhfuil chomh coitianta sin. Ó am go chéile, d'fhéadfadh daoine aonair titim i laige tar éis instealladh a fháil. Moltar dóibh suí síos ar feadh 10-15 nóiméad tar éis an vacsaínithe. Cuidíonn sé seo le cosc a chur ar thitim i laige.

Is fíor-annamh a bhíonn frithghníomh ailléirgeach ag roinnt daoine go luath tar éis imdhíonadh. D'fhéadfadh an frithghníomh seo a bheith ina ghríos nó ina thochas a théann i bhfeidhm ar chuid den chorp nó ar an gcorp go léir. Beidh a fhios ag an altra conas déileáil leis seo. Ní cúis é le vacsaíní a sheachaint.

Níos annamh fós, is féidir le daoine frithghníomh dian a bheith acu laistigh de chúpla nóiméad den instealladh le deacrachtaí análaithe agus titim i bhfanntais. Tugtar frithghníomh anaifiolachtach air seo. Tá sé thar a bheith annamh agus tá an t-altra oilte chun déileáil leis.

Tagann daoine slán go hiomlán le cóireáil, de ghnáth laistigh de chúpla uair an chloig. Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoin vacsaín, is féidir an Bhileog Eolais d'Othair do Gardasil® 9 a fháil ag: www.medicines.org.uk/emc

Clóscríobh "Gardasil 9" isteach sa bhosca cuardaigh.

Is féidir le tuismitheoirí fo-iarmhairtí amhrasta vacsaíní a thuairisciú trí Scéim na gCártaí Buí. Is féidir é seo a dhéanamh ar líne trí chuairt a thabhairt ar https://yellowcard.mhra.gov.uk nó glaoch ar 0800 731 6789 (9.00am go 5.00pm Luan-Aoine).



## Cad faoi dhaoine a bhfuil ailléirgí nó riochtaí sláinte eile orthu, an féidir leo an vacsaín HPV a fháil fós?

Is féidir. De ghnáth ní chuireann éadulaingtí bia, plúchadh, eachma, fiabhras féir, agus ailléirgí cosc ar dhuine an vacsaín seo a fháil. Má tá aon imní ort faoi seo, labhair le foireann altranais na scoile nó le do dhochtúir teaghlaigh sula bhfaigheann do leanbh an vacsaín.

## An mbeidh tionchar ag an vacsaín ar aon chógas eile?

Níl aon fhianaise ann go laghdaíonn an vacsaín éifeachtacht aon chógais.



## Cad a tharlaíonn má tá mo pháiste amuigh ón scoil tinn ar lá an vacsaínithe?

Déanfaidh foireann altranais na scoile socrú go dtairgfear an vacsaín am eile.

## Cad a tharlaíonn más rud é go raibh mo leanbh gníomhach go gnéasach cheana féin?

Má bhí duine aonair gníomhach go gnéasach, tá an fhéidearthacht ann go bhfuil HPV acu cheana féin. Mar sin féin, ós rud é nach mbeidh a fhios cén cineál den víreas lena bhfuil siad ionfhabhtaithe, ba cheart go mbeadh an vacsaín acu fós mar go bhféadfadh sé cosaint a thabhairt fós.

## Cad a dhéanfaidh mé má cheapaim go bhfuil m'iníon ag iompar clainne?

Níl aon riosca ar eolas a bhaineann leis an vacsaín HPV a thabhairt le linn toirchis. Mar réamhchúram, áfach, ní mholtar an vacsaín HPV le linn toirchis. Níl sé seo mar gheall ar aon imní sábháilteachta ar leith a bhaineann leis an vacsaín HPV a thabhairt le linn toirchis ach toisc go bhfuil faisnéis theoranta ann maidir le húsáid na vacsaíne le linn toirchis. Má fhaigheann d'iníon amach go bhfuil sí ag iompar clainne go luath tar éis di an vacsaín HPV a fháil, ba chóir é seo a phlé lena dochtúir teaghlaigh.

## Cad a tharlaíonn mura bhfuil mo leanbh ag iarraidh an vacsaín a fháil?

Moltar an vacsaín HPV ar na cúiseanna a thugtar thuas agus tabharfaidh sí cosaint ar feadh blianta fada amach anseo. Mar sin féin, má tá do leanbh cinnte i ndáiríre nach bhfuil siad ag iarraidh í a fháil ní gá dóibh ach b'fhéidir gur mhaith leo labhairt faoi le gairmí sláinte sula ndéanann siad cinneadh. Chun tuilleadh eolais a fháil, ba chóir dóibh labhairt le foireann altranais na scoile – leo féin, nó leatsa, más fearr leo.

## Cad a tharlaíonn má theastaíonn an vacsaíniú ó mo leanbh ach, mar thuismitheoirí, gur fearr linn nach bhfaighidh sé í?

Moltar an vacsaín HPV ar na cúiseanna a thugtar thuas agus tabharfaidh sí cosaint ar feadh blianta fada amach anseo. Tá sé tábhachtach ar feadh todhchaí do linbh go dtuigfidh tú, leis an vacsaín a fháil anois, go gcosnóidh an vacsaíniú iad ó ailsí áirithe a bhaineann leis an ionfhabhtú HPV ar feadh na mblianta fada amach romhainn. Ba chóir duit é seo a phlé le do leanbh agus le foireann altranais na scoile chun tuilleadh eolais a fháil. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil an cinneadh faoi do leanbh fad is a thuigeann siad na saincheisteanna a bhaineann le toiliú a thabhairt.



Chun tuilleadh eolais a fháil, féach pha.site/hpv



Public Health Agency

**Public Health Agency**
12-22 Linenhall Street, Belfast BT2 8BS.
Tel: 0300 555 0114 (local rate).
www.publichealth.hscni.net

Find us on:

05/23